CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/458 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2023

maidir le neamh-fhormheas substaintí gníomhacha áirithe lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 89(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún [2], in Iarscríbhinn II de, bunaítear liosta de theaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirgí a áirítear sa chlár athbhreithniúcháin ar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha.

(2) I gcás roinnt teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirgí a áirítear sa liosta sin, rinne na rannpháirtithe uile a dtacaíocht a tharraingt siar nó meastar go ndearna siad a dtacaíocht a tharraingt siar in am trátha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán cuireadh oscailte chun ról an rannpháirtí a ghlacadh i gcás na dteaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge nár glacadh ról an rannpháirtí ina leith roimhe sin. I gcás na dteaglamaí sin, níor cuireadh aon fhógra faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimeacán laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear le hAirteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, níor cheart na teaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Níl na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn formheasta le haghaidh na gcineálacha táirge a shonraítear inti.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus de chineál táirge nach bhfuil formheasta:

Uimhir Iontrála in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh.-1062/2014	Ainm na substainte	Ballstát rapporteur	Uimhir CE	Uimhir CAS	An cineál/na cineálacha táirge
1022	Peintihiodrocsaíd chlóiríde dé-alúmanaim	NL	234-933-1	12042-91-0	2
691	N-(hiodrocsaimeitil) glicíonáit sóidiam	AT	274-357-8	70161-44-3	6
459	Mais imoibriúcháin dé-ocsaíde tíotáiniam agus clóiríd airgid	SE	Níl fáil air	Níl fáil air	1, 2, 6, 7, 9, 10, 11
531	(beinsiolocsa)meatánól	AT	238-588-8	14548-60-8	13
1016	Hiodrocsaimeitilglicionáit sóidiam	SE	232-033-3	7783-90-6	1
444	7a-eitildéhidri-1H,3H,5H-ocsasóló[3,4-c]ocsasól (EDHO)	PL	231-810-4	7747-35-5	6, 13
797	clóiríd chis~1-(3-clóra-aillil)-3,5,7-tríosa-1-asóinia-adamantán (cis CTAC)	PL	426-020-3	51229-78-8	6, 13
368	Meitéanaimín 3-clóraillileaclóiríd (CTAC)	PL	223-805-0	4080-31-3	6, 12, 13